# LEABHRÁN EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ

**<u>Comórtas Oscailte chun Cúntóir Feidhmiúcháin a Cheapadh, Oifig an PF (Grád V)</u>**

**An dáta deiridh: 15:00, 19 Bealtaine 2026**

**Teagmhálaí:**
**qqi@rplus.ie**

## Stádas an Chonartha:

Tá Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí ag féachaint le post buan mar Chúntóir Feidhmiúcháin a líonadh. Cuirfidh an Cúntóir Feidhmiúcháin tacaíocht riaracháin agus oibríochtúil ardleibhéil ar fáil don Phríomhfheidhmeannach (PF), ag gníomhú mar phointe teagmhála lárnach trína gcinntítear comhordú réidh ar fud na heagraíochta. Féadfar painéal a thiomsú as an gcomórtas seo.

**Údarás:** **Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann**

**Suíomh:** **25 – 27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2**

## Príomhchúraimí

- Gníomhú mar an chéad phointe teagmhála don PF, chun fiosruithe isteach amhail ríomhphoist, glaonna teileafóin, cuirí agus comhfhreagras eile a chuirtear faoi bhráid an PF a athbhreithniú agus a rianú go réamhghníomhach agus go pras.

- Féilire comhordaithe agus cothrom le dáta a choinneáil don PF trí thosaíochtaí a mheas chun a chinntiú go dtugtar tús áite do chruinnithe tábhachtacha, go réitítear coinbhleachtaí ama agus go ndéantar caitheamh an ama a bharrfheabhsú ar an iomlán.

- Gníomhú mar rúnaí do chruinnithe na Foirne Ardcheannaireachta agus do chruinnithe eile de réir mar is gá.

- Cláir taistil náisiúnta agus idirnáisiúnta, cóiríocht agus lóistíocht eile an PF a chomhordú nuair is gá.

- Caidreamh oibre den scoth a chothú agus a choinneáil le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta.

- Dul i mbun oibre leis an PF chun punann de chaidrimh straitéiseacha a bhainistiú, lena n-áirítear geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.

- Bailiú agus tiomsú sonraí agus faisnéise a bhainistiú de réir mar is gá chun tuarascálacha, eolas agus cur i láthair a ullmhú don PF. Gach cruinniú faoi cheannas an PF a ullmhú trí chláir oibre agus doiciméid chruinnithe a ullmhú agus a scaipeadh de réir mar is gá. A chinntiú go ndéantar gach cruinniú ar líne a shocrú leis na socruithe ábhartha de réir mar is infheidhme.
- Tacú leis an bPríomhfheidhmeannach i mbainistiú phróisis na dtuarascálacha díreacha (e.g., costais, saoire, bainistíocht feidhmíochta) agus dul i dteagmháil leis an mbainistíocht de réir mar is gá.
- Faisnéis rúnda agus íogair a bhainistiú le discréid agus le breithiúnas fónta.
- Taighde a dhéanamh, de réir mar is gá, ag bailiú gach faisnéise ábhartha lena n-áirítear ó na Stiúrthóireachtaí agus ó na geallsealbhóirí de réir mar is iomchuí, chun eolas a thabhairt don PF chun pleanáil agus cinnteoireacht a éascú.
- Deiseanna a aithint go réamhghníomhach chun próisis riaracháin agus bainistíocht taifead a fheabhsú agus dea-chleachtais a chur i bhfeidhm.
- Aon dualgas eile a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile a chomhlíonadh.

## Riachtanais

**Ní mór d'iarrthóirí ar phost an Chúntóra Feidhmiúcháin na nithe seo a leanas a bheith acu:**

- taithí 3-5 bliana ((taithí le 5 bliana anuas)) a bheith acu mar Chúntóir Feidhmiúcháin / Cúntóir Pearsanta

- sárscileanna TF agus digiteacha, a bheith oscailte d'athruithe agus do nuálaíocht agus lándáiríre faoi eolas/scileanna a fheabhsú don todhchaí.
- fianaise trína dtaispeántar gur féidir leo obair a bhainistiú go héifeachtach trí bhreithiúnais agus cinntí atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh, cuspóirí a chur in ord tosaíochta agus torthaí ar ardchaighdeán a sheachadadh.
- fianaise ar eolas a fhorbairt, a thacú, a threorú agus a roinnt le daoine eile
- léiriú ar scileanna cumarsáide agus tionchair den scoth trína dtaispeántar gur féidir leo obair bhuíne a dhéanamh go héifeachtach agus caidreamh a chothú.
- an cumas iad féin a oiriúnú do thimpeallacht oibre atá ag athrú agus meas ar fheabhsú / foghlaim leanúnach a léiriú.
-

### Inmhianaithe

**In éineacht leo siúd, beidh na nithe seo a leanas inmhianaithe:**

- Cáilíocht ardoideachais, ar leibhéal 8 nó níos airde den CNC de rogha.
- Eolas agus spéis i mbeartas agus i bhforbairt an bhreisoideachais agus an ardoideachais
- Taithí ar thaighde agus anailís
- Taithí ar thionscadail a bhainistiú
- Eolas agus taithí ar chúrsaí riaracháin san earnáil phoiblí
- Taithí chruthaithe ar obair a dhéanamh i dtimpeallacht an-rúnda agus/nó ardrialaithe
- Scileanna láidre scríofa agus labhartha sa Ghaeilge

## Príomhchoinníollacha Seirbhíse

### Cuid 1 (Coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an bpost seo)

### Pá

Seo a leanas an scála tuarastail don phost seo:

€52,240, €53,800, €55,394, €57,020, €58,658 1, €60,566 2, €62,482

(1) Tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid.
(2) Tar éis seirbhís shásúil 6 bliana ag an uasmhéid.

Féadfar breiseanna a dhámhadh faoi réir sheirbhís shásúil agus athruithe sna téarmaí agus coinníollacha maidir le breiseanna tuarastail sa Státseirbhís/Seirbhís Phoiblí i gcoitinne.

Féadfar an ráta pá a mhionathrú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.

